



Uimhir 14 de 2011

AN tAcht TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2011
[An tiontú oifigiúil]

RIAR NA nALT

Alt

1. Míniú.
 2. Leasú ar alt 39 den Acht Toghcháin, 1992.
 3. Leasú ar alt 6 d'Acht 1997.
 4. Leasú ar alt 21 d'Acht 1997.
 5. Caiteachais a chúiteamh i dtoghcháin uachtaráin.
 6. Teorainn le caiteachais toghcháin uachtaráin.
 7. Leasuithe iarmhartacha ar Acht 1997.
 8. Gearrtheideal, comhlua agus forléiriú.
-

[Uimh. 14.] *An tAcht Toghcháin (Leasú), 2011.* [2011.]

NA hACHTANNA DÁ dTAGRAÍTEAR

An tAcht Toghcháin (Leasú), 2009	2009, Uimh. 4
An tAcht Toghcháin, 1992	1992, Uimh. 23
An tAcht Toghcháin, 1997	1997, Uimh. 25
Na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2009	



Uimhir 14 de 2011

AN tACHT TOGHCHÁIN (LEASÚ), 2011

[An tiontú oifigiúil]

ACHT DO LEASÚ AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1992; DO
LEASÚ AN ACHTA TOGHCHÁIN, 1997; AGUS DO
DHÉANAMH SOCRÚ I dTAOBH NITHE GAOLMHARA.
[25 Iúil 2011]

ACHTAÍTEAR AG AN OIREACHTAS MAR A LEANAS:

1.—San Acht seo, ciallaíonn “Acht 1997” an tAcht Toghcháin, Míniú.
1997.

2.—Leasaítear alt 39 den Acht Toghcháin, 1992 tríd an bhfo-alt Leasú ar alt 39 den
Acht Toghcháin,
1992.
seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (2):

“(2A) D’ainneoin fho-alt (2), i gcás nach mbeidh ordú tugtha ag an Dáil do Chathaoirleach na Dála de bhun an fho-ailt sin laistigh de thréimhse 6 mhí ón dáta a tharla an folúntas, déanfaidh Cathaoirleach na Dála (nó i gcás nach féidir leis nó léi, toisc é nó í a bheith breoite nó as láthair nó ar chúis eile a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh nó i gcás ina mbeidh folúntas in oifig an Chathaoirligh, déanfaidh Leas-Chathaoirleach na Dála) a ordú do Chléireach na Dála, a luaithe is indéanta tar éis don thréimhse sin a bheith caite, eascaire a chur amach chuig an gceann comhairimh don dailcheantar inar tharla an folúntas á ordú don cheann comhairimh toghchán a chur á dhéanamh chun an folúntas sin a líonadh.”.

3.—Leasaítear alt 6 (a leasaíodh le halt 9 den Acht Toghcháin Leasú ar alt 6
d’Acht 1997.
(Leasú), 2009) d’Acht 1997 i bhfo-alt (2) tríd an mír seo a leanas a chur in ionad mhír (a):

“(a) faoi réir Airteagal 16.2.2 den Bhunreacht, ní lú ná 153 agus ní mó ná 160 líon iomlán chomhaltáí na Dála;”.

4.—Leasaítear alt 21 d’Acht 1997—

Leasú ar alt 21
d’Acht 1997.

(a) i mír (a) d’fho-alt (2) trí “i dtoghchán uachtaráin nó” a scriosadh, agus

(b) i bhfo-alt (4) trí “agus, a mhéid a bhaineann sé le toghcháin uachtaráin, an bhrí a shanntar dó in alt 52” a scriosadh.

Caiteachais a
chúiteamh i
dtoghcháin
uachtaráin.

5.—(1) Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 21:

“21A.—(1) (a) Faoi réir mhíreanna (b), (c) agus (d), déanfar caiteachais toghcháin a aisíoc le hiarrthóir i dtoghchán uachtaráin, ar iarrthóir é nó í—

- (i) a thoghfad sa toghchán, nó
 - (ii) nach dtoghfad amhlaidh ach, ag aon chéim den chomhaireamh vótaí sa toghchán, gur mó an líon uasta vótaí a bheidh creidiúnaithe dó nó dí ná aon cheathrú den chuóta.
- (b) Is é méid na gcaiteachas toghcháin a fhéadfar a aisíoc le hiarrthóir faoin alt seo na caiteachais iarbhír a thabhaigh an t-iarrthóir nó €200,000, cibé acu is lú.
- (c) Faoi réir mhír (d), déanfaidh an tAire Airgeadais, le ceadú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, íocaíochtaí i leith caiteachais toghcháin a aisíoc faoin alt seo as an bPríomh-Chiste nó a thoradh fáis le gach iarrthóir dá dtagraítear i mír (a), a dhéanfaidh iarratas chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i bhfoirm a ordóidh an Coimisiún.
- (d) Ní dhéanfar aon íocaíocht i leith caiteachais toghcháin iarrthóra a aisíoc faoin alt seo—
- (i) mura ndeimhneoidh agus go dtí go ndeimhneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gur thug gníomhaire toghcháin an iarrthóra an ráiteas caiteachas toghcháin agus an deimhniú reachtúil iomchuí don Choimisiún faoi alt 56,
 - (ii) mura ndeimhneoidh agus go dtí go ndeimhneoidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí don Aire sin go ndearnadh an ráiteas sin de réir na dtreoirlínte a d’eisigh an Coimisiún faoi alt 4, agus go gcomhlíonann sé Cuid VI, agus
 - (iii) mura rud é go dtabharfaidh agus go dtí go dtabharfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí don Aire sin sonraí maidir leis an méid caiteachas iarbhír a thabhaigh an t-iarrthóir.

(2) Déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, a luaithe is féidir tar éis dó breithniú a dhéanamh ar iarratas faoi fho-alt (1)(c) ar chaiteachais toghcháin a aisíoc agus ar an ráiteas caiteachas toghcháin arna thabhairt dó faoi alt 56 i leith an iarrthóra, na sonraí dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(d) a thabhairt don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith gach iarrthóra atá cáilithe chun aisíocaíocht caiteachas toghcháin i dtoghchán uachtaráin a fháil.

(3) (a) I gcás ina bhfaighidh iarrthóir dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) bás tar éis chríochnú na vótaíochta i dtoghchán agus nach mbeidh iarratas ar aisíocaíocht caiteachas toghcháin déanta aige nó aici faoin alt seo, féadfaidh

ionadaí pearsanta an iarrthóra iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht caiteachas toghcháin an iarrthóra sin agus, más cuí, féadfar an íocaíocht a dhéanamh le hionadaí pearsanta an iarrthóra.

(b) I gcás ina bhfaighidh iarrthóir dá dtagraítear i bhfo-alt (1)(a) bás tar éis iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht caiteachas toghcháin faoin alt seo agus sula ndéanfar íocaíocht leis an iarrthóir, féadfar íocaíocht a dhéanamh i leith caiteachais an iarrthóra a aisíoc le hionadaí pearsanta an iarrthóra sin.

(c) Gach íocaíocht a dhéanfar le hiarrthóir, nó le hionadaí pearsanta iarrthóra, de réir mar a bheidh, faoin alt seo, ní bheidh sí faoi dhliteanas i leith cánach ioncaim.

(4) San alt seo, tá le ‘caiteachais toghcháin’ an bhrí a shanntar dó le halt 52.”.

(2) Cúlghairtear na Rialacháin um Thoghchán Uachtaráin (Caiteachais a Chúiteamh), 2004 (I.R. Uimh. 442 de 2004).

6.—(1) Leasaítear Acht 1997 tríd an alt seo a leanas a chur in ionad alt 53:

Teorainn le caiteachais toghcháin uachtaráin.

“53.—Ní mó ná €750,000 comhiomlán na gcaiteachas toghcháin a fhéadfaidh iarrthóir i dtoghchán uachtaráin a thabhtú, nó a fhéadfar a thabhtú thar a cheann nó thar a ceann, i dtaca lena iarrthóireacht nó lena hiarrthóireacht i dtoghchán uachtaráin.”.

(2) Cúlghairtear an tOrdú um an Acht Toghcháin, 1997 (Alt 53), 2004 (I.R. Uimh. 441 de 2004).

7.—Leasaítear Acht 1997—

Leasuithe iarmhartacha ar Acht 1997.

(a) in alt 3 tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (1):

“(1) Féadfaidh an tAire, le hordú, aon mhéid airgid a shonraítear in alt 21, 21A, 22, 23, 23A, 23B, 24(1A), 24(4), 26(1), 30, 31, 32, 46, 47, 48(1), 48A, 48B, 51, 52 nó 53, nó i rialacháin arna ndéanamh faoi alt 21 nó in ordú faoi alt 33(1), a athrú, ag féachaint d’aon athrú sa treoir-uimhir praghsanna do thomhaltóirí ó theacht i ngníomh don fhoráil atá i bhfeidhm de thuras na huaire agus ina sonraítear an méid atá i gceist, lena n-áirítear ordú faoin alt seo.”,

(b) in alt 60, tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (2):

“(2) Is iad na teorainneacha le caiteachais toghcháin sa toghchán úr d’iarrthóirí marthanacha agus d’iarrthóirí arna n-ainmniú sa toghchán úr an méid iomchuí a shonraítear in alt 53.”,

agus

A.7

[*Uimh. 14.*] *An tAcht Toghcháin (Leasú), 2011.* [2011.]

(c) i mír (a) d'fho-alt (2) d'alt 61 trí “ordú a bheidh i bhfeidhm de thuras na huaire faoi” a scriosadh.

Gearrtheideal,
comhlua agus
forléiriú.

8.—(1) Féadfar an tAcht Toghcháin (Leasú), 2011 a ghairm den Acht seo.

(2) Féadfar na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2011 a ghairm de na hAchtanna Toghcháin, 1992 go 2009 agus den Acht seo le chéile agus léifear le chéile iad mar aon ní amháin.